**Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann**

**Príomhcheoltóir 1, Clairinéad (Suíochán Uimh. 2 le dualgas an Clairinéad E-maoil a sheinm)**

**Príomhstiúrthóir: Alexander Shelley**

**Teideal an Phoist:** Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann (NSOI) – Príomhcheoltóir 1, Clairinéad

**Freagrachtaí:** Suíochán Uimh. 2 ar an gClairinéad, le dualgas seasamh isteach mar Cheannaire Roinne ar bhonn an chéad ghlao de réir mar is gá, le dualgas an Clairinéad E-maoil a sheinm.

**Grád:** Príomhcheoltóir 1

**Suíomh an Róil:** An Ceoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath. Beidh roinnt mhaith taistil i gceist leis an ról seo ar bhonn leanúnach chun freastal ar an gceolfhoireann agus ar a cuid socruithe cláir mar aon le riachtanais ghnó eile go náisiúnta agus ar chamchuairteanna thar lear.

**Freagrach do:** Bainisteoir na Ceolfhoirne

**MAIDIR LE CEOLFHOIREANN SHIANSACH NÁISIÚNTA ÉIREANN**

Déanann Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann breis is seachtó imeacht a sheinm in aghaidh na bliana, lena n-áirítear thart ar 30 ceolchoirm shiansach mar chuid den séasúr síntiúis (Meán Fómhair go Bealtaine) sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Ina theannta sin, léiríonn an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta craoltaí agus taifeadtaí scannáin agus fuaime, chomh maith le ceolchoirmeacha séasúracha agus oideachasúla. Ní mór do na ceoltóirí go léir

scileanna den scoth a bheith acu ó thaobh seinm aonair agus seinm cheolfhoirne de, agus na caighdeáin cheoil is airde á gcoinneáil acu. Ní mór dóibh a bheith ina n-imreoirí foirne éifeachtacha agus tiomanta, agus sásta ról iomlán a ghlacadh i saol na Ceolfhoirne. Ní mór dóibh a bheith ina gceannairí éifeachtacha agus tiomanta agus iad i gceannas ar roinn ceolfhoirne, leis.

**AN POST**

Tá sé i gceist ag Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann Príomhcheoltóir 1, Clairinéad a cheapadh. **Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi i Suíochán 2, Clairinéad le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann, le dualgas an Clairinéad E-maoil a sheinm agus seasamh isteach mar cheannaire roinne ar bhonn an chéad ghlao freisin.** Cuirfidh an t-iarrthóir rathúil an caighdeán is airde seanma agus oibre ceolfhoirne ar fáil i gcomhréir le beartas Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann. Ba cheart go mbeadh taithí shuntasach cheolfhoirne ag iarrthóirí agus fianaise acu ar scoth an taibhléirithe de réir ardchaighdeán gairmiúil. Beidh an t-iarrthóir idéalach ina seinnteoir den chéad scoth agus in ann a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta d'ardchaighdeán saothair. Cuirfidh Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta Éireann iarrthóirí nach bhfuil a ngairm beatha ach ina tús sa mheá freisin ach iad a bheith in ann a léiriú go mbeidh d'acmhainn acu an ról a chomhlíonadh de réir mar is gá.

**SONRAÍOCHT PHEARSANTA**

Sásóidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi na critéir seo a leanas:

**CRITÉIR RIACHTANACHA**

- Cumais den scoth a léiriú i seinm cheolfhoirne agus i seinm aonair.
- Páirt a ghlacadh i léirithe a chomhlíonfaidh na caighdeáin ealaíne is airde.
- A bheith ullamh go hiomlán agus réidh le seinm ag tús gach seisiúin agus, ar an gcaoi sin, meas a léiriú ar dhaoine eile.
- A léiriú gur féidir leis nó léi guaim a choinneáil air nó uirthi féin agus é nó í ag obair faoi bhrú.
- Ardleibhéal oiliúna ceoil a bheith aige nó aici, lena n-áirítear cáilíochtaí ábhartha tríú leibhéal.

**CRITÉIR INMHIANAITHE**

- Saineolas a bheith aige nó aici ar raon leathan gníomhaíochtaí ceoil agus léirithe, lena n-áirítear ceol aireagail, oideachas ceoil agus saothar stiúideo.
- Taithí a bheith aige nó aici ar bheith ag taibhléiriú i róil den chineál céanna ar cheolfhoirne gairmiúla.

**SCILEANNA PEARSANTA**

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi:

- In ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le scileanna eagrúcháin den scoth.
- Féinspreagtha agus in ann a bheith ag obair faoi bhrú le hionracas.
- In ann a bheith ag obair go comhoibríoch measúil mar chuid d'fhoireann.
- Toilteanach caidrimh oibre dhearfacha a chothú le baill eile den cheolfhoireann agus leis an bhfoireann bhainistíochta.

**Príomhchaidrimh**

Foireann Shinsearach Ceannasaíochta an Cheolárais, foireann bainistíochta agus ceoltóirí na Ceolfhoirne Siansaí Náisiúnta, lena n-áirítear Ceann na Ceolfhoirne agus na gCór, Bainisteoir na Ceolfhoirne, an Bainisteoir Ceolchoirmeacha agus Pleanála, Stiúrthóirí agus Ceoltóirí eile, an Riarthóir Margaíochta, AD, agus Oibríochtaí; fostaithe eile de chuid an Cheolárais, de réir mar is gá.

## Tuilleadh Eolais

| | |
|---|---|
| **Seachtain Oibre** | Is í an ghnáthsheachtain oibre a bhaineann leis an ról seo ná 33 uair an chloig sa tseachtain / 66 uair an chloig comhlán in aghaidh na coicíse. Bíonn an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta ag obair 7 lá sa tseachtain, lena n-áirítear ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire poiblí. Mar sin, tá solúbthacht ó thaobh uaireanta oibre de riachtanach. Beidh ar an té a cheapfar a bheith ag obair in áiteanna eile seachas sa Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath. |
| **Saoire Bhliantúil** | 24 lá in aghaidh na bliana, sceidealaithe ag an lucht bainistíochta (arna ríomh i gcomhréir le fad an chonartha) |
| **Sonraí Pinsin** | Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí |

| | |
|---|---|
| **Promhadh** | Tréimhse 9 mí a bheidh sa tréimhse phromhaidh agus féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin suas go dtí 12 mhí de rogha na bainistíochta |
| **Luach Saothair** | Scála tuarastail Phríomhcheoltóir 1, NSOI: €54,727 - €55,950 - €57,180 - €58,418 - €59,619 - €60,443 - €61,682 - €62,928 - €64,480 - €66,082 |

*Níl sé i gceist go mbeadh an méid thuas ina liosta cuimsitheach de na dualgais go léir a bheidh ag an té a cheapfar agus, dá bharr sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar an té a cheapfar dualgais eile a chomhlíonadh mar is cuí don phost a d'fhéadfaí a shannadh dó/di ó am go chéile agus cur le forbairt an róil ag teacht leis an dul chun cinn leanúnach atá ag tarlú laistigh den Cheoláras.*